## Cúirt an tSrutháin Bhuí -
## Colm de Bhailís

Is nach deas an féirín gafa gléasta í
Cúirt an tSrutháin Bhuí,
Ar thalamh déanta ar dheis na gréine
I bhfascadh ó chuile ghaoíth,
Tá gairdín pléisiúir lena taobh
A dhéanfadh óg den aoís,
Is go bhfuair na táinte a bhí gan sláinte
Fóiriúint ann le mí.

An té a théanns an ród is a ghéilleanns dhó
San am a bhíonn sí í gcaoi,
Lá nó dhó níor mhór liom dhó
Go ndearcfainn í go grinn,
Tá sé raite ó bhéal an Phápa,
'Triallaidís thart cruinn,
Gurb í an fhéis is airde in Éirinn bhláthmhair
Cúirt an tSrutháin Bhuí.'

Ar feadh mo shaoil ní chuirfinn síos
Dhá mbeinn á scríobh le peann,
Ar fheabhas an ghníomha a rinne an saor
A d'fhág í siúd gan cháim,
Siúntaí míne ar chaídeannaí
Is gan orlach ar bith cam,
Tá Victoria an ríon i bhfeirg faoi,
Mar moladh léi an barr.

Nach deas an spóirt ag tíocht don fhómhar
Cúirt an tSrutháin Bhuí,
Ar shúil an bhóthair ins an tórainn
Idir an dá thír,
Ta loingeas seolta ag tíocht le cóir
Le Banríon na Sáirdín,
Is tá sí cóirithe is geataí óir léi,
Is foireann díol an rí.

Ciste Spreagtha

Foras na Gaeilge

Conradh na Gaeilge

**Conradh na Gaeilge**
**Coiste Dúiche Mhaigh Eo**



# Tionól na Bealtaine





## Ócáid Chainte, Cheoil & Amhranaíochta

## Macdara Ó Cuaig, Eoin Warner & Máire Standún

Óstán an Clew Bay, Cathair na Mart
27 Bealtaine 2023 / 10.00am - 1.00pm









## Cathaoirleach: Colmán Ó Raghallaigh – Fear an Tí

Is as Clár Chlainne Mhuiris do Cholmán. Chaith sé 35 bliain mar bhunmhúinteoir. Céimeanna MA sa tSean agus sa NuaGhaeilge aige. Breis is 90 leabhar foilsithe ag a chomhlacht Cló Mhaigh Eo. Tá go leor duaiseanna buaite aige as a chuid leabhar. Seacht n-úrscéal grafach foilsithe aige bunaithe ar mhórscéalta na hÉireann. Gníomhaire pobail agus teanga é agus tá sé ina chathaoirleach ar Choiste Dúiche Mhaigh Eo.

## Eoin Warner

Is ó Iarthar Chorcaí ó dhúchas é Eoin Warner. Tá suim sa dúlra aige ón gcliabhán. Is iomaí lá a chaith sé le linn a óige ag faire ar éin agus ag siúl na gcnoc sa dúthaigh sin. Tá ceangal láidir ag muintir Eoin leis an bhfarraige agus braitheann sé go mór ar a shuaimhneas uirthi. Tá an domhan siúlta ag Eoin agus tréimhsí caite aige ar gach mór-roinn, an ilchríoch Antartach san áireamh. Ag faire ar an bhfiadhúlra an chúis is mó taistil aige. Sa bhliain 2018, dhein sé dhá chlár faoin nadúr dar dteideal 'Éire Fhiáin' le Crossing the Line Productions. Bhronn TG4 gradam láithreoir na bliana air agus bronnadh gradam clár na bliana ar an saothar féin. Sa bhliain 2019, bhí sé ina láithreoir ar an tsraith A Wild Irish Year le RTÉ. Tháinig dhá chlár eile amach ar TG4 in 2021 agus 2022, An Cuan agua Iontais na bhFarraigí Ceilteacha. Is i mbliana a tháinig a shraith nua amach faoi fhiadhulra na n-oileáin ar RTE, Ireland's Wild Islands. Bhí cónaí ar Eoin i nGaeltacht Iarthar Chiarraí tráth agus chaith sé aon bhliain déag ina chónaí san ardchathair. I gcáthair na Gaillimhe atá cónaí air anois lena chlann mac óg. Tá suim ar leith aige sa bhéaloideas agus san amhránaíocht ar an sean-nós.

## Macdara Ó Cuaig

Muireolaí as Conamara atá ag obair le Foras na Mara le ós cionn scór bliain é Macdara Ó Cuaig. Thosaigh sé a shaol le cúrsaí farraige ag iascach í gcurrach lena uncail í gCarna agus as sin a chuaigh sé chun na hOllscoile chun staidéar a dhéanamh sa mhuireolaíocht. Is ag obair le h-iascairí na h-Éireann a bhíonn Macdara chun sonraí a chruinniú le cuidiú chun breithúnas agus bainistiú a dhéanamh ar an stoc éisc. Tá suim mhór ag Macdara san eolas chultúrtha a bhaineann le cúrsaí mara in Éirinn agus an oidhreacht shaibhir a bhronn ár sinsir orainn.

## Máire Standún

Áirítear an boscadóir Máire Standún ar dhuine de mhórcheoltóirí agus amhránaithe ár linne. Is as Tuar Mhic Éadaigh ó dhúchas di agus tógadh le ceol agus dúchas na Gaeltachta í. Tá a stíl shainiúil féin aici agus í ag casadh, stíl ata fréamhaithe go doimhin ina ceantar dúchais. Tá an iliomad turais agus ceolchoirmeacha curtha di in Éirinn agus ar fud na cruinne. Tá cáil ar leith ar an dá albam léi *Bright Early Mornings*, (1998) agus *Circle of Friends* (2010). Tá sí pósta leis an gceoltóir Jerry Mulvihill agus beirt clainne orthu.